An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

LEABHRÁN FAISNÉISE d'IARRTHÓIRÍ

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

**Deiseanna Bainistíochta Sinsearaí**

**Príomhoifigeach Cúnta (Caighdeánach) (Gaeilge) sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**

**Dáta Deiridh:**
**12:00 meán lae Dé Luain an 18 Deireadh Fómhair 2021.**

## Réamhrá

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag iarraidh painéal de dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu a bhunú chun folúntais Phríomhoifigeach Cúnta (Caighdeánach) le Gaeilge a líonadh in oifig an Choimisinéara Teanga atá lonnaithe sa Spidéal Co. na Gaillimhe agus folúntais a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, go háirithe i réigiún na Gaillimhe, a líonadh. Ós rud é gurb í an Ghaeilge teanga oibre na hOifige/an Rannáin, ní mór d'iarrthóirí a bheith ábalta oibriú trí Ghaeilge.

## Cúlra

### An Roinn

Is é misean na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán forbairt inbhuanaithe na Turasóireachta, na Meán agus na Gaeltachta a stiúradh agus rannpháirtíocht sa Chultúr, sna hEalaíona, sa Spórt agus sa Ghaeilge a chur chun cinn ag tacú le dul chun cinn sóisialta, agus ag cur le fás cultúir agus

eacnamaíoch ar fud shochaí na hÉireann.  Is féidir tuilleadh eolais faoin Roinn a fháil anseo.

## An Ról

Is grád bainistíochta sinsearaí é Príomhoifigeach Cúnta sa Státseirbhís agus is ról ríthábhachtach bainistíochta é i gcur i bhfeidhm bheartas an rialtais sna réimsí eacnamaíocha, airgeadais, idirnáisiúnta, comhshaoil agus/nó sóisialta.

Cé go mbeidh freagrachtaí agus príomhspriocanna inghnóthaithe maidir le ról an Phríomhoifigigh Chúnta sa Státseirbhís éagsúil ag brath ar an earnáil agus ar an Roinn/Oifig ina n-eascraíonn an folúntas, de ghnáth áirítear orthu:

- Foirmliú beartais agus straitéise maidir le saincheisteanna casta;
- Múnlú réitigh bheartais atá inbhuanaithe ó thaobh buiséid de chun fás eacnamaíoch agus fostaíochta agus beartais shóisialta éifeachtacha a chur chun cinn;
- Páirt a ghlacadh go héifeachtach le lucht féachana agus páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear Airí, státseirbhísigh shinsearacha agus an córas polaitiúil níos leithne, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna tras-rialtais;
- Comhairle buiséadaithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus comhlíonadh spriocanna fioscacha a chinntiú;
- Cláir shuntasacha oibre a phleanáil agus a eagrú i dtimpeallacht faoi bhrú, laistigh de spriocdhátaí dochta;
- An fhoireann a stiúradh agus a bhainistiú chun leibhéil arda feidhmíochta a sheachadadh;
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail leathana agus ceannaireacht a dhéanamh orthu chun cuspóirí iomlána an Rialtais a chur i gcrích;
- Ceannaireacht a dhéanamh ar an tseirbhís phoiblí agus treoir agus nuálaíocht a chur ar fáil maidir leis an gclár oibre don athchóiriú;
- Forbairt agus bainistiú na foirne;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na hÉireann ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

**Tabhair do d'aire nach liosta uileghabhálach é an liosta freagrachtaí thuas.**

## Folúntais

Cuirfear iarratasóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas seo ar phainéal, in ord fiúntais chun folúntais in Oifig an Choimisinéara Teanga a líonadh, atá lonnaithe sa Spidéal, Co. na Gaillimhe.  D'fhéadfaí folúntais a thairgeadh d'iarrthóirí a n-éireoidh leo freisin a d'fhéadfadh teacht chun cinn do Phríomhoifigeach Cúnta (Gaeilge) i Rannán Gaeltachta na Roinne, atá lonnaithe sna Forbacha, Co. na Gaillimhe

## Bunriachtanais Iontrála

Ní mór d’iarrthóirí, ar an dáta deiridh 18/10/2021 nó roimhe sin:

1. Ós rud é gurb í an Ghaeilge teanga oibre na hOifige/an Rannáin ar mian leo go ndéanfaí iad a cheapadh sa ról seo, beidh orthu a bheith ábalta oibriú trí mheán na Gaeilge ar bhonn laethúil agus dá bhrí sin, ní mór dóibh a léiriú go bhfuil na scileanna riachtanacha acu i nGaeilge ó bhéal agus i scríobh araon; agus

2. Ba cheart líofacht i nGaeilge agus i mBéarla a bheith ag iarratasóirí

3. Taithí shuntasach bhainistíochta ar leibhéal iomchuí, lena n-áirítear foirne ceannaireachta agus páirtithe leasmhara a bhainistiú; agus

4. An-chuid taithí ar roinnt díobh seo a leanas nó ar gach ceann díobh seo a leanas: Bainistiú daoine, bainistiú tionscadal, buiséid a bhainistiú, soláthar clár, bainistíocht straitéiseach agus bainistíocht athruithe; agus

5. A léiriú go bhfuil na príomhscileanna agus na hinniúlachtaí acu atá sainaitheanta le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo mar atá leagtha amach in Aguisín 2. Áirítear orthu sin:
   - Ceannaireacht
   - Breithiúnas, Anailísiú agus Cinnteoireacht
   - Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar
   - Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
   - Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt
   - Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí agus iad a chur chun cinn

## Inmhianaithe

- Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín(í) ábhartha atá ar comhréir leis an ról

## Riachtanais Incháilitheachta Bhreise

### Sláinte

Ní mór d‘iarrthóirí bail sláinte a bheith orthu a léireodh go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeidh siad ábalta seirbhís rialta éifeachtach a chur ar fáil.

### Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:

a) A bheith ina saoránaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Is éard atá in LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**
b) a bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
c) a bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

d) a bheith ina saoránach nach saoránach de chuid an LEE é atá ina chéile nó leanbh ag saoránach LEE nó saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe nó saoránach de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó
e) Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige **nó**
f) Saoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach, agus atá ina chónaí, i mballstát LEE, sa Ríocht Aontaithe nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige.

**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairiscint poist.**

Tá sé tábhachtach go liostálann iarrthóirí a bhfostaíocht sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí roimhe seo, má bhain siad leas as scéim iomarcaíochta nó scoir dheonach agus/nó má tá pinsean scoir drochshláinte á fháil acu. Mura ndéantar amhlaidh d'fhéadfadh gníomh araíonachta teacht as.

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le híocaíochtaí iomarcaíochta ex gratia le seirbhísigh phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER):**

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní féidir, mar sin, le daoine den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí:**

Tugadh isteach an Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (LD) agus na Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (SID) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid na Scéime LD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an Scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís poiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a

mhaoinítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna i bhfeidhm maidir le hathfhostú faoi na SIDanna, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim SID incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim LD agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

### An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013)

Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach le haghaidh Údarás Áitiúil le Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá leagtha amach thuas, is coinníoll ar leith de chuid na Scéime SID é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú in aon eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain ó dháta scoir faoin Scéim sin. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm i gcás gur ar bhonn conartha i gcomhair seirbhíse (bíodh sé sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí chonraitheora) atá an fostú/an fhostaíocht.

### Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí cheana féin. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

## Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### Ginearálta

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís é an ceapachán agus tagann sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

**Pá**

Baineann an Scála Tuarastail Caighdeánach do Phríomhoifigeach Cúnta leis an bpost seo agus is mar seo a leanas atá sé:

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (PPC) (rátaí i bhfeidhm ón 1 Iúil 2021)

€69,659 €72,268 €74,871 €77,483 €80,090 €81,593 €84,225(LSI1) €86,865(LSI2)

Bíonn ráta pá an POC i bhfeidhm nuair a éilítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime freisin) de réir rialacha na príomhscéime aoisliúntais/na scéime aoisliúntais pearsanta atá aige. Tá sé seo difriúil le ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach gceanglaítear ar an té a cheaptar Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil a chur i gcrích ag leibhéal uasta an scála.

**Nóta Tábhachtach Is ag leibhéal íosta an scála a thosóidh an té a cheapfar agus ní bheidh an ráta luacha saothair faoi réir idirbheartaíochta. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.**

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha eile a bheith i gceist más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí thú faoi láthair. D'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais faoi réir feidhmíocht shásúil.

Aontóidh iarrthóirí a n-éireoidh leo go ndéanfaidh siad aon ró-íocaíocht ar thuarastal, liúntais nó costais a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochta Tuarastail, Liúntas agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Tionacht agus Promhadh**

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís é an ceapachán.

Is go ceann tréimhse bliana ón dáta arna shonrú ar an gconradh a mhairfidh an conradh promhaidh. D’ainneoin an ailt seo agus an ailt díreach thíos, ní hionann sin agus a rá nach síneofaí an conradh promhaidh in imthosca cuí.

Le linn thréimhse an chonartha promhaidh, beidh do chuid feidhmíochta faoi réir athbhreithniú ag do mhaoirseoir nó do mhaoirseoirí chun a chinneadh:

i) an raibh do chuid feidhmíochta sásúil,
ii) an raibh d’iompar ginearálta sásúil, agus
iii) an bhfuil tú oiriúnach ó thaobh sláinte de, ag féachaint go háirithe do shaoire bhreoiteachta.

Sula dtiocfaidh deireadh leis an gconradh promhaidh, déanfar cinneadh cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar tú a choimeád de bhun Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar do chuid feidhmíochta arna measúnú de réir na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Déanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh duit.

D'ainneoin na n-alt roimhe seo sa chuid seo, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

In imthosca áirithe, féadfar an conradh a shíneadh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí an síneadh a chomhaontú.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála.
- Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostóir a cheangal go bhfionrófar an tréimhse phromhaidh más rud é go meastar nach bhfuil an asláithreacht ar comhréir le leanúint den phromhadh
- D'fhéadfaí an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna amhail asláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht neamhfhillteach.

In imthosca den sórt sin, is féidir leis an bhfostaí iarratas a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir chun síneadh a chur le tréimhse an chonartha.

Beidh tréimhse phromhaidh bliana le cur isteach ag gach duine a cheapfar. Sa chás gur státseirbhíseach a bhí ag fónamh díreach sular ceapadh é/í sa chomórtas seo an té atá ceaptha agus a bhfuil teipthe air/uirthi na coinníollacha promhaidh a shásamh, is gnách go dtiocfaidh an cheist a bhaineann le filleadh chun cinn. I gcás fillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhí aige/aici cheana sa Roinn ina raibh sé/sí fostaithe cheana.

**Ceanncheathrú**

Cibé áit a ainmneoidh an tAire ó am go ham a bheidh ceanncheathrú an oifigigh. Beidh an post seo lonnaithe in Oifig an Choimisinéara Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe. D'fhéadfaí poist a thairgeadh d'iarrthóirí a n-éireoidh leo freisin a d'fhéadfadh teacht chun cinn i Rannán Gaeltachta na Roinne, atá lonnaithe sna Forbacha, Co. na Gaillimhe. Nuair a bhítear imithe ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dualgas, íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála leat mar is cuí, faoi réir ag gnáthrialacháin na Státseirbhíse.

**Uaireanta Freastail**

Beidh na huaireanta freastail socraithe ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná 43 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar is réasúnach agus mar is gá chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart, gan na teorainneacha atá leagtha amach sna rialacháin um am oibre a shárú. Clúdóidh an ráta luach saothair iníoctha aon dliteanas maidir le tinreamh breise a thiocfadh i gceist ó am go chéile.

**Saoire Bhliantúil**

Saoire bhliantúil 30 lá a ghabhann le post an Phríomhoifigigh Chúnta. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt sa Státseirbhís agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá. Níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

**Saoire Bhreoiteachta**

Íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gCiorclán maidir le saoire bhreoiteachta.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ar ráta d'Aicme A mandáid a shíniú chun an Roinn Coimirce Sóisialaí a údarú chun aon sochair a bhíonn dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn fostóra nó leis an Eagraíocht fostóra. Braithfidh íocaíocht le linn na breoiteachta ar na héilimh chuí a bheith á ndéanamh ag an té a cheapfar le haghaidh sochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn riachtanach.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís a chur in iúl tráth a mbeidh an post á thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. I gcás ceapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí, is iondúil go ndéantar ceapachán a thairiscint bunaithe ar bhallraíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an "Scéim Aonair"). Tá sonraí go léir na Scéime le fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás go raibh an té a cheapfar ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí na Scéime neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó saoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí eile a bheith i bhfeidhm. Déanfar teideal pinsin maidir le daoine ceaptha den sórt sin a bhunú i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Mar seo a leanas, na príomhchoinníollacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- **Aois Inphinsin:** Is ionann an aois íosta ag a bhfuil sochair scoir iníoctha leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, is é sin 66 bliain d'aois i láthair na huaire.
- **Aois Scoir**: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain d'aois slánaithe acu.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain trí thagairt don Praghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI)).
- Tá ceangal idir méaduithe pinsin iarscoir leis an CPI.

**Lacáiste Pinsin**

- Sa chás go raibh an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Poiblí, nó sa chás go gcuirtear tús le híocaíocht pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí leis/léi i rith a t(h)réimhse athfhostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir lacáiste de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Tabhair do d'aire: Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste i bhfeidhm, nuair is ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapacháin sa phost seo.

- Mar sin féin, sa chás go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean bronnta air nó uirthi faoi shocruithe do luathscor deonach (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) nó Ciorclán 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágfaidh nach mbeidh duine incháilithe don chomórtas), beidh deireadh leis an teidlíocht ar an bpinsean sin ó dháta an athcheapacháin. D'fhéadfaí socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís a rinne an té a cheapfar roimhe seo a chur san áireamh le haghaidh íocaíocht aoisliúntais ar bith a mbeidh an té a cheapfar ina theideal sa todhchaí.

- **Ciorclán (102/2007) ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

  Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna, 1, 2 nó 3 den Scéim seo agus má fhostaítear é nó í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin Scéim. Cuirtear tús arís le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís,

beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Easláinte**

  Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás duine ar bith a scoir roimhe seo de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, go bhfuil ceanglas air/uirthi a dhearbhú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil acu, sa chéim iarratais thosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige/aici. Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt, agus aird á tabhairt ar an gcoinníoll a d'fhág go raibh siad incháilithe scor de dheasca easláinte.

*<u>Ceapachán i ndiaidh scor ón Státseirbhís de dheasca easláinte</u>*

Sa chás go n-éiríonn le hiarratas an iarratasóra sa chomórtas, ba chóir dó/di a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Sa chás go measfar iad a bheith folláin chun seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus go sanntar do phost iad, beidh deireadh lena bpinsean de dheasca easláinte ón státseirbhís.
2. Sa chás go dteipfidh ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a thabhairt chun críche nó sa chás go gcinnfidh sé/sí éirí as an bpost a sannadh dó, ní féidir filleadh ar stádas Scoir de dheasca Easláinte sa Státseirbhís, arbh ann dó sula ndearnadh an t-iarratas, ná ní bheidh teideal ina leith.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

*<u>Ceapachán i ndiaidh scor ón tseirbhís phoiblí de dheasca easláinte:</u>*

1. Sa chás gur scoir duine ó chomhlacht sa tseirbhís phoiblí féadfaidh go mbeidh a p(h)insean easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithnithe ag teacht leis na rialacha maidir le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
2. Sa chás go n-éiríonn le hiarratasóir, beidh ar an iarratasóir, ar a c(h)eapadh, a dhearbhú cibé an bhfuil pinsean (easláinte nó eile) á fháil acu ón tseirbhís phoiblí agus féadfaidh go mbeidh a bpinsean ón tseirbhís phoiblí faoi réir lacáiste.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

Tabhair do d'aire go bhfuil fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe faoi na himpleachtaí dá bpinsean do dhaoine a bhfuil pinsean de dheasca easláinte á

fháil acu ón státseirbhís nó ón tseirbhís phoiblí ag an nasc seo nó ar í a iarraidh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i bhfeidhm sa chás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí reatha amháin a bhí ann roimhe sin (i.e. Scéim pinsin nach Scéim Aonair í) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin ar aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe sin.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair ar Aird:** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin atá de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil i ndáil leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, féach ar an láithreán gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie.

## Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeáin Iompair

**Ionracas agus Sicréideacht Oifigiúil**
Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

**Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar**
Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:**
Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

**Ceadú roimh ré maidir le foilseacháin:**

Aontóidh oifigeach gan ábhar a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla a fhoilsiú gan ceadú roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach údaraithe cuí eile.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha lena rialaítear fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus an pholaitíocht.

**NÓTA TÁBHACHTACH**

Mar Fhostóir Rogha, tá a lán beartas oibre solúbtha agus cairdiúil don teaghlach ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna chun cianobair a dhéanamh. Tabhair do d'aire gur féidir le hiarrthóirí a n-éireoidh leo deiseanna solúbtha oibre a iarraidh, mar sin féin, is de rogha an fhostóra é agus déantar cinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é an duine ceaptha díreach roimh an gceapachán.

**Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl siad beartaithe a bheith ina liosta cuimsitheach de na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta ar fad. Leagfar amach iad seo sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir rathúil.**

## Próiseas an Chomórtais

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag earcú chun an post seo a líonadh faoin gCeadúnas Earcaíochta a d'eisigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus de réir Chód Cleachtais an CCSP.

**An tSlí le hIarratas a Dhéanamh**

Ba cheart d'iarratasóirí foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach chuig

personnel@tcagsm.gov.ie faoin **Dáta Deiridh:**

**12:00 meán lae Dé Luain an 18 Deireadh Fómhair 2021.**

Tá an fhoirm iarratais le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas:

https://www.gov.ie/en/organisation-information/02066-career-opportunities-in-the-department-of-tourism-culture-arts-gaeltacht-sport-and-media/

Tugtar deis d'iarratasóirí, leis an bhFoirm Iarratais, a gcuid cáilíochtaí, scileanna nó taithí a mhionsonrú, chomh maith leis an tslí a ndéanann siad sin na bunriachtanais agus na critéir phearsanta a bhaineann leis an bpost seo a shásamh.

**Ní mór iarratas a dhéanamh trí mheán na Gaeilge**.

**Tabhair do d'aire:** Ní bhreithneofar ach na hiarratais sin a dhéanfar ar an bhfoirm iarratais oifigiúil. Admhófar gach iarratas.

### Inniúlachtaí don phost

Beidh ar dhaoine a bheidh ag iarraidh coinne a dhéanamh ar an bpost seo a leanas na hinniúlachtaí seo a leanas a bhaineann leis an bpost Príomhoifigeach Cúnta a léiriú.

- **Ceannaireacht**
- **Breithiúnas, Anailís & Cinnteoireacht**
- **Bainistíocht & Seachadadh Torthaí**
- **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**
- **Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt**
- **Tiomáint & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí**

Féach Aguisín 1 – Creat Inniúlachta don ról mar Phríomhoifigeach Cúnta.

### An Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh gearrliostú iarrthóirí ar bhonn na foirme iarratais a bheith mar chuid den phróiseas roghnúcháin agus beidh agallamh ann.

### Gearrliostú

Beidh painéal saineolaithe i gceist le próiseas gearrliostaithe a roghnóidh iarrthóirí le haghaidh agallaimh ar dealraitheach gurb iad na hiarrthóirí is oiriúnaí don phost, bunaithe ar scrúdú ar an bhfoirm iarratais agus í a mheas i gcoinne na riachtanas riachtanach agus na dtréithe pearsanta a theastaíonn.

### Agallamh

Glaofar na hiarrthóirí a bheidh gearrliostaithe chun agallamh a chuirfidh painéal de shaineolaithe orthu. Díreofar san agallamh ar an tslí a gcomhlíonann an t-iarrthóir bunriachtanais agus critéir phearsanta an phoist agus ar a ngairm

bheatha agus ar a dtaithí go dí seo. Is i nGaeilge a dhéanfar na hagallaimh don phost seo, go huile is go hiomlán.

**Tabhair ar Aird:** Faoi réir srianta Covid-19, féadfar iarraidh ar iarrthóirí teacht i láthair chun freastal ar agallamh nó féadfar agallaimh a reáchtáil go cianda. Cuirfear na socruithe agallaimh in iúl do na hiarrthóirí a luaithe is féidir. Is faoi na hiarrthóirí féin a bheidh sé a chinntiú go mbeidh siad ar fáil don agallamh de réir mar a chuirtear in iúl dóibh.

Forchoimeádann an Roinn an ceart cinneadh a dhéanamh ar an bhformáid chuí nuair a bheidh spriocdháta na n-iarratas istigh.

## Painéal

Féadfar painéal a bhunú óna bhféadfar ceapacháin a dhéanamh. Cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoi thorthaí an chomórtais chomh luath agus is féidir i ndiaidh an phróisis agallaimh.

Ní bheidh aon éileamh ar cheapacháin a fháil ag iarrthóirí nach gceapfar iad nuair a théann an painéal in éag toisc go raibh siad ar an bpainéal.

## Nósanna Imeachta i leith Athbhreithniú maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Breithneoidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iarrataí ar athbhreithnithe i gcomhréir leis an bhforáil sna cóid chleachtais a d'fhoilsigh an CPSA. Tá na Cóid Chleachtais le fáil ar an láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. http://www.cpsa.ie/

## Nuair a Mheastar Iarrthóireacht a bheith Tarraingthe Siar

Ní bheidh aon éileamh eile chun a mbreithnithe ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh mar is gá nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a theastaíonn ón Roinn i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

## Aiseolas d'Iarrthóirí

Tabharfar aiseolas ach é a iarraidh i scríbhinn.

## Rúndacht

Tabhair do d'aire go nglacfar le haon sonraí pearsanta mar sonraí rúnda de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí de chuid AE.

**Sláinte agus Charachtar**

Déanfar oiriúnacht iarrthóra maidir le sláinte agus carachtar a dheimhniú ar an bpost a thairiscint agus beidh aon cheapachán faoi réir sláinte agus carachtar iarrthóra a bheith sásúil. Iarrfaidh an Roinn teistiméireachtaí carachtair, ó fhostóirí roimhe sin de ghnáth, sula ndéanfar ceapachán. Forchoimeádann an Roinn an ceart chun iarrthóir a chur ar aghaidh chuig seirbhís sláinte ceirde na státseirbhíse sula ndéanfar an tairiscint deiridh fostaíochta.

**Imréiteach Slándála**

D'fhéadfaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg i leith daoine aonair a ndéanfar iad a bhreithniú le haghaidh ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear é/í le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh scrúdú slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a raibh cónaí ar an iarratasóir.

**Faisnéis Thábhachtach Eile**

Ní bheidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán freagrach as aon speansais a thaibheoidh iarratasóirí a aisíoc.

Ní ghlactar leis go dtugann glacadh le duine chuig an gcomórtas ná le cuireadh chun tabhairt faoi aon ghné den phróiseas roghnúcháin le tuiscint go gcomhlíonann an t-iarrthóir sin gach ceann de choinníollacha an Chomórtais ná nár dícháilíodh an t-iarrthóir ó cheapachán i gcomhréir leis an dlí. Níl aon ghealltanas i gceist leis ach oiread go ndéanfar d'iarratas a bhreithniú tuilleadh. Is tábhachtach a thuiscint, dá bhrí sin, go mbeidh sé ar dhualgas ar an iarrthóir a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais incháilitheachta an chomórtais sula gcuirtear é/í faoi agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála sin agus má chuirtear agallamh ort dá ainneoin sin, cuirfidh tú caiteachas ort féin nach bhfuil gá leis.

Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eapadh chun an phoist seo, déanfar gach fiosrúchán den sórt a meastar gur gá é chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, ná ní féidir a mheas go ndearnadh cinneadh den sórt sin, go dtí go dtabharfar gach céim den phróiseas earcaíochta chun críche go hiomlán.

Sa chás go ndéanfaidh an chéad duine a mholtar lena c(h)eapadh an ceapachán a dhiúltú, nó sa chás go gcinneann sé/sí scor i ndiaidh dó nó di glacadh leis an gceapachán, féadfaidh an Bord, dá rogha féin, an dara duine a roghnú agus a mholadh lena c(h)eapadh bunaithe ar thorthaí an chomórtais.

**Oibleagáidí Iarrthóirí**

Ba cheart go dtabharfadh iarrthóirí dá n-aire go ndícháileofar iad agus go n-eiseofar iad ón bpróiseas ceapacháin sa chás go ndéanann siad canbhasáil.

Ní ceadmhach d’iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta.
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú
- pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas nó amhras a tharraingt air ar aon bhealach.

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Aon duine a chiontófar i gcion, dlífear fíneáil nó príosúnacht a chur air nó uirthi.
Ina theannta sin, más rud é, maidir le duine a chiontófar i gcion, go raibh sé nó sí nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- sa chás nár ceapadh é/í i bpost, dícháileofar é nó í mar iarrthóir
- sa chás gur ceapadh é/í i ndiaidh an phróisis earcaíochta, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

## Aguisín 1 - Creat Inniúlachta do Ról an Phríomhoifigigh Chúnta

## Ceannaireacht

- Cuireann sé go gníomhach le straitéisí agus beartais na Roinne/na hEagraíochta a fhorbairt
- Tugann sé fócas agus tiomantas chun leibhéil arda feidhmíochta a thógáil agus a choinneáil, ag dul i ngleic le haon saincheisteanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad chun cinn
- Ceannas agus uasmhéadú a dhéanamh ar rannchuidiú na foirne ina hiomláine
- Measann sé éifeachtacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a réimse díreach féin
- Sainmhíníonn sé cuspóirí/spriocanna agus tarmligeann sé go héifeachtach, ag spreagadh úinéireacht agus freagracht as tascanna
- Forbraíonn sé cumas daoine eile trí aiseolas, oiliúint agus deiseanna a chruthú d’fhorbairt scileanna
- Aithníonn agus glacann sé deiseanna chun leas a bhaint as bealaí nua agus nuálacha seachadta seirbhíse

## Breithiúnas, Anailís & Cinnteoireacht

- Déanann sé taighde críochnúil ar shaincheisteanna, ag dul i gcomhairle go cuí chun an fhaisnéis uile a theastaíonn ar shaincheist a bhailiú

- Tuigeann sé saincheisteanna casta go tapa, ag ionsú agus ag déanamh measúnú cruinn ar shonraí (lena n-áirítear sonraí uimhriúla)
- Comhtháthaíonn sé snáitheanna éagsúla faisnéise, ag aithint idirghaolta agus naisc
- Úsáidtear breithiúnas chun cinntí soiléire, tráthúla agus bunaithe ar shaincheisteanna tábhachtacha a dhéanamh
- Breithníonn sé na himpleachtaí, na cláir oibre agus na híogaireachtaí níos leithne laistigh de chinntí agus an tionchar ar raon páirtithe leasmhara
- Glacann sé seasamh daingean ar shaincheisteanna a mheasann sé a bheith tábhachtach

## Bainistiú & Seachadadh Torthaí

- Glacann sé freagracht as tascanna dúshlánacha agus seachadann sé in am agus ar ardchaighdeán
- Pleanáil agus tosaíocht a thabhairt d’obair i dtéarmaí tábhacht, scálaí ama agus srianta eile acmhainní, iad a chur in ord tosaíochta arís i bhfianaise cúinsí a bheith ag athrú
- Cinntíonn go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin agus éifeachtach do chustaiméirí lárnach in obair an rannáin
- Breathnaíonn sé go criticiúil ar shaincheisteanna chun mar is féidir rudaí a dhéanamh níos fearr a fháil amach
- Tá sé oscailte do thionscnaimh smaointe nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna
- Cinntíonn go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha agus ardluacha a sholáthar
- Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar iliomad tionscadal

## Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Faisnéis a chur i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus diongbháilte, ó bhéal agus i scríbhinn
- Plé oscailte cuiditheach a spreagadh maidir le saincheisteanna oibre
- Obair foirne a chur chun cinn laistigh den rannóg, ach oibriú go héifeachtach ar thionscadail ar fud Ranna/Earnálacha
- Coinníonn guaim agus smacht orthu féin agus iad ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile
- Leagann béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse féin
- Forbraíonn agus coinníonn líonra teagmhálacha chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú
- Téann i dteagmháil go héifeachtach le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, Comhghleacaithe Seirbhíse Poiblí agus an córas polaitiúil

## Saineolas Eolas Speisialtóra agus Féinfhorbairt

- Tá tuiscint shoiléir aige ar a chuspóirí agus spriocanna féin agus na foirne agus mar a oireann siad d'obair an aonaid agus na Roinne/Eagraíochta
- Tá eolas fairsinge agus domhain aige ar shaincheisteanna na Roinne agus an Rialtais agus tá sé íogair do thosaíochtaí polaitiúla agus eagraíochtúla níos leithne
- Measann páirtithe leasmhara ina réimse féin gur saineolaí é
- Tá sé dírithe ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis chun cuidiú le riachtanais shonracha an róil a chomhlíonadh

## Tiomáint & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

- Tá sé féin-spreagtha agus léiríonn go bhfuil fonn air feidhmiú go leanúnach ag leibhéal ard
- Tá sé macánta agus iontaofa go pearsanta agus is féidir brath air
- Cinntíonn go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil
- Le dea-shampla a thabhairt, cothaíonn sé na caighdeáin eitice agus ionracais is airde